# An Garda Síochána

# Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail
# Feasachán

**R1 2017**

Taighde arna stiúradh ag amárach research

**Léirítear san fheasachán seo eochairthorthaí ón gcéad ráithe den Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail a rinneadh idir míonna Eanáir agus Márta 2017.**


Fiafraíodh de dhaoine faoina mbraistintí i leith na coireachta; má bhain íospairt dóibh le bliain anuas, cé ar thuairiscigh nó nár thuairiscigh siad an choir sin, agus a sástacht leis an gcaoi ar chaith An Garda Síochána lena dteagmhas. Fiafraíodh d'fhreagróirí freisin dá leibhéal imní faoi bheith ina n-íospartach coireachta, dá bhfaitíos roimh an gcoireacht, chomh maith lena tionchar ar cháilíocht a mbeatha. Fiafraíodh díobh an bhfacthas Gardaí ar patról ina gceantar áitiúil; chomh maith lena leibhéal iontaoibhe, sástachta, agus braistintí foriomlán i leith eagras an Gharda.

Deartar an suirbhé chun bheith ar siúl ar bhonn leanúnach, le 1,500 duine á suirbhéireacht gach ráithe. Bailíodh na sonraí trí mheán agallamh intí aghaidh ar aghaidh. Bunaítear na torthaí ardleibhéil a thugtar san fheasachán seo ar shonraí ualaithe de réir aoise, inscne, aicme sóisialta agus náisiúntachta.

Is suirbhé atá anseo ar shampla randamach den daonra; is amhlaidh dá réir a chaithfimid glacadh leis go mbeidh lamháil earráide éigin ann. Táthar tar éis í sin a ríomh ag +/- 2.53 faoin gcéad don sampla ráithiúil. Tá sé tábhachtach go dtabharfaí faoi deara go méadaítear an lamháil earráide agus an anailís á déanamh ar choibhnis níos lú. Ba cheart go dtabharfaí an méid sin san áireamh nuair a dhéantar iniúchadh ar anailís i leith íospartaigh na coireachta. Ní shuimítear gach cairt mar a mbaintear leas as céatadáin chuig 100 faoin gcéad mar gheall ar shlánú na bhfigiúirí.

## An Déimeagrafaic

Is ionann an sampla agus 1,500 aosach d'aois 18 bliain agus níos sine.




## CLÁR ÁBHAR



| | |
|---|---|
| 2 | Braistintí na coireachta |
| 2 | An Íospairt |
| 3 | Faitíos agus imní faoin gCoireacht |
| 3 | Infheictheacht an Gharda |
| 4 | Sástacht leis An Garda Síochána |
| 4 | Iontaoibh in An Garda Síochána |
| 4 | Caitheamh comhionann ag an nGarda Síochána |
| 5 | Braistintí i leith eagras an Gharda |

# Braistintí na Coireachta


Bhraith 74% de na freagróirí i R1 2017 an choireacht náisiúnta mar fhadhb fhíor-thromchúiseach nó thromchúiseach, anuas faoi 2% ón tréimhse chéanna sa bhliain 2016. Tá líon na bhfreagróirí a mheasann an choireacht náisiúnta bheith ina fadhb fhíor-thromchúiseach tar éis bheith ag ísliú ina threochtaí ó R2 2016, tháinig méadú thar an tréimhse chéanna ar an líon a bhraith an choireacht náisiúnta mar fhadhb thromchúiseach ámh.

Mar chomparáid leis sin, mheas 21% d'fhreagróirí i rith na chéad ráithe den bhliain 2017 an choireacht áitiúil bheith ina fadhb fhíor-thromchúiseach nó thromchúiseach, anuas faoi 6% i gcomparáid le R1 2016. Tháinig méadú beag idir R4 2016 agus R1 2017 (3%) ar líon na bhfreagróirí a mheas an choireacht áitiúil bheith ina fadhb fhíor-thromchúiseach nó thromchúiseach.

**Braistintí i leith na Coireachta Náisiúnta**






**Braistintí i leith na Coireachta Áitiúla**




Fadhb fhíor-thromchúiseach · Fadhb thromchúiseach · Fadhb éigin · Fadhb ar bith

# An Íospairt




B'ionann an ráta íospartha[1] i R1 2017 agus 6.9%[2], i gcomparáid le 9.6% i rith na ráithe céanna anuraidh. Mhaígh 84%[3] d'íospartaigh ar cuireadh agallamh orthu i rith R1 2017 gur thuairiscigh siad an teagmhas coire ba dhéanaí a bhain dóibh leis na Gardaí, i gcomparáid le 72% i R1 2016. Tá líon na n-íospartach ag tuairisciú a dteagmhas coire tar éis bheith ag ardú ina threochtaí trí chéile thar an tréimhse sin, ach tháinig laghdú idir an dá ráithe dheireanacha ar líon na n-íospartach ag tuairisciú a dteagmhais choire leis an nGarda Síochána (-6%).

B'ionann an tsástacht i measc íospartaigh na coireachta i rith R1 2017 (a thuairiscigh an choir a bhain dóibh leis na Gardaí) agus 67%, ar mhéadú faoi 16% ó R1 2016 é seo. Bhraith móramh na n-íospartach gur soláthraíodh an méid eolais ceart dóibh (57%); chonacthas treochtaí ardaitheacha ina leith sin i rith na bliana 2016 sular tháinig titim faoi 2% idir an dá ráithe dheireanacha.

*1 Áiríodh leis sin bheith ina íospartach buirgléireachta, gada, robála, damáiste choiriúil, ionsaithe, nó calaoise.*

*2 Chonaic 104 freagróir an íospairt sa 12 mí roimhe sin.. Ba cheart go mbeifí cúramach nuair a dhéantar iniúchadh ar anailís a rinneadh ar líonta daona beaga, go háirithe na samplaí íospartach..*


*3 87 íospartach a thuairiscigh a gcoir leis na Gardaí.*

# Faitíos agus Imní faoin gCoireacht

Thuairiscigh beagnach a leath de na freagróirí (48%) i rith R1 2017 nach raibh siad imníoch faoi bheith ina n-íospartach coireachta: tá sé sin tar éis méadú faoi ocht faoin gcéad i gcomparáid leis an tréimhse chéanna anuraidh. I measc na ndaoine úd a bhí imníoch faoin íospairt; bhí 4% imníoch faoi bheith ina n-íospartach díobhála pearsanta, bhí10% imníoch faoi ghoid nó damáiste maoine, agus bhí 39% imníoch faoi bheith ina n-íospartach an dá cheann.

Thuairiscigh 38% d'fhreagróirí i R1 2017 faitíos ar bith acu faoi leibhéal na coireachta i gcoitinne; chonacthas treochtaí ardaitheacha ansin freisin leis na cúig phointe tomhais deireanacha. Astu siúd a thuairiscigh bheith faiteach faoi leibhéal na coireachta i gcoitinne, bhain go leor faitíos do 4% acu, bhain roinnt faitíos do 26% acu, agus thuairiscigh 33% gur bheag faitíos a bhaint dóibh.

Thuairiscigh os cionn dhá dtrian d'fhreagróirí (67%) nach raibh tionchar ar bith ag a bhfaitíos roimh choireacht ar cháilíocht a mbeatha, arbh ionann agus méadú faoi 10% ó R1 2016 é. I measc na ndaoine úd a chreid go ndeachaigh an faitíos roimh choireacht i bhfeidhm ar cháilíocht a mbeatha, mhaígh an móramh (22%) gur laghdaíodh an cháilíocht ábhairín leis, thuairiscigh 9% gur laghdaíodh an cháilíocht go cuibheasach measartha leis, agus mhaígh 1% gur laghdaíodh an cháilíocht go mór leis.





# Infheictheacht an Gharda


B'fheasach do 36% d'fhreagróirí faoi phatróil an Gharda ina gceantar áitiúil i R1 2017. Tá méadú tar éis teacht air sin faoi thrí faoin gcéad ó R1 2016, agus d'fhan cobhsaí ó R4 2016. Tá laghdú tar éis teacht freisin ar chion na bhfreagróirí a thuairiscigh nach raibh a fhios acu faoi phatróil an Gharda.

Mheas 41% d'fhreagróirí i R1 2017 go raibh líon an Gharda ar an láthair ina gceantar áitiúil timpeall an leibhéil chirt, tá treochtaí méadaitheacha comhsheasmhacha tar éis teacht ar an líon sin ó R1 2016.

**Patróil Áitiúla an Gharda**





**Líon an Gharda ar an Láthair go hÁitiúil**




# Sástacht leis An Garda Síochána

Thuairiscigh 74% d'fhreagróirí i R1 2017 (bhí 10% fíorshásta agus thuairiscigh 64% go raibh siad sásta) go raibh siad sásta leis an tseirbhís a sholáthair An Garda Síochána do phobail áitiúla, mhaígh 18% go raibh siad cuibheasach míshásta, thuairiscigh 3% go raibh siad fíor-mhíshásta, agus d'fhreagair 5% nach raibh a fhios acu. Tá méadú seasmhach tar éis teacht ó R1 2016 ar líon na bhfreagróirí a thuairiscigh go raibh siad sásta leis An Garda Síochána.





# Iontaoibh in An Garda Síochána

Mhaígh 92% de na freagróirí i R1 2017 go raibh leibhéal iontaoibhe idir meánach agus ard acu in An Garda Síochána. Tá laghdú tar éis teacht ráithe i ndiaidh a chéile ó R1 2016 ar líon na bhfreagróirí a thuairiscigh leibhéil iontaoibhe ísle in An Garda Síochána, agus tá méadú seasmhach tar éis teacht gach ráithe i líon na bhfreagróirí a léiríonn leibhéal ard iontaoibhe san eagras.




# Caitheamh comhionann ag an nGarda Síochána


Cuireadh dhá cheist nua i ndáil leis an gcóir chomhionann ag An Garda Síochána leis an Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail sa bhliain 2017. Nuair a fiafraiodh d'fhreagróirí an gcaithfeadh na Gardaí go hurramach leat dá mbainfeadh teagmháil leo duit ar chúis ar bith ab amhlaidh a d'aontaigh 93% leis, agus d'easaontaigh 7% leis; nuair a fiaraíodh d'fhreagróirí an gcaitheann na Gardaí sa cheantar go cothrom le gach duine is cuma faoina gcúlra ab amhlaidh a d'aontaigh 84% leis, agus d'easaontaigh 16%.



# Braistintí i leith Eagras an Gharda

D'aontaigh 88% d'fhreagróirí i R1 2017 gur chairdiúil agus cuiditheach iad baill An Garda Síochána; d'aontaigh 65% go raibh an t-eagras dírithe ar an bpobal; mheas 60% gur eagras nua-aimseartha agus forásach a bhí ann; thuairiscigh 55% go raibh An Garda Síochána éifeachtach ag dul i ngleic leis an gcoireacht; agus d'aontaigh 43% go raibh an t-eagras dea-bhainistithe, mheas 38% go soláthraíonn An Garda Síochána seirbhís póilíneachta de scoth domhanda.

Tháinig feabhsú ar bhraistiní idir R1 2016 agus R1 2017 i leith eagras an Gharda ar feadh gach sé bheart d'éifeachtacht agus cumas. Tháinig meathlú ámh idir R4 2016 agus R1 2017 i dtéarmaí an eagrais bheith dírithe ar an bpobal, bheith nua-aimseartha nó forásach, bheith dea-bhainistithe, chomh maith leis an líon freagróirí a d'aontaigh go soláthraíonn An Garda Síochána seirbhís póilíneachta de scoth domhanda.



# Conclúid

Is ionann an tuairisc achomair seo faoin Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail R1 agus an chéad cheann i sraith feasachán a fhoilseofar ar bhunús ráithiúil leis An Garda Síochána.

Nuair a fiafraíodh d'fhreagróirí faoina mbraistintí i leith na coireachta, mheas an móramh go raibh fadhb na coireachta náisiúnta ní ba thromchúisí ná fadhb na coireachta ina gceantar áitiúil.

Tá meathlú mór tar éis teacht ar an ráta íospartha ón gcéad ráithe den bhliain 2016, agus tháinig méadú ar líon na n-íospartach a thuairiscigh a gcoir leis na Gardaí; cé go bhfacthas laghdú beag idir an dá ráithe dheireanacha. Tháinig laghdú freisin ar líon na bhfreagróirí a thuairiscigh go bhfuair siad an méid eolais cheart ó Ghardaí idir R4 2016 agus R1 2017. Tá sástacht na n-íospartach fós os cionn leibhéil na bliana 2016. Faoi mar a tugadh faoi deara cheana féin, ba cheart go mbeifí cúramach nuair a léirmhínítear torthaí na hanailíse ó líon íospartach beag.

I measc na bhfreagróirí a thuairiscigh faitíos faoi leibhéal na coireachta i gcoitinne, tá laghdú tar éis teacht go léir ar bhraistintí i leith na dóchúlachta de bheith ina n-íospartach coireachta, agus i leith leibhéal an tionchair ar fhaitíos na bhfreagróirí roimh an gcoireacht ar cháilíocht a mbeatha ó cuireadh na ceisteanna sin leis an suirbhé i R1 2016.

Tá an fheasacht i leith phatróil an Gharda ag 36%, agus tá braistintí i leith líon an Gharda ar an láthair bheith ag an leibhéal ceart tar éis méadú go comhsheasmhach ó R1 2016.

Thuairiscigh beagnach trí cheathrú de na freagróirí go raibh siabh sásta leis an tseirbhís a sholáthair An Garda Síochána do phobail áitiúla, tá an méid sin tar éis treochtaí ardaitheacha a léiriú ón mbliain 2016 i leith.

Tá iontaoibh an phobail in eagras an Gharda fós ard.

Chreid móramh mór na bhfreagróirí go gcaithfeadh na Gardaí leo, nó le daoine eile, le hurraim is cuma faoina gcúlra dá mbainfeadh teagmháil dóibh leo ar chúis ar bith.

Tháinig meathlú idir R4 2016 agus R1 2017 trí chéile ar bhraistintí i leith eagras an Gharda.